



An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2023
(OR. en)

11060/23

COH 49	ENV 748
CLIMA 322	ENER 387
CADREFIN 96	COMPET 669
POLGEN 83	AGRI 361
PECHE 257	JEUN 167
POLMAR 40	MI 566
ECOFIN 645	RECH 296
EMPL 327	SOC 473
SUSTDEV 99	TRANS 279
EDUC 265	MIGR 224

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	27 Meitheamh 2023
chuig:	Toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	10594/23
Ábhar:	Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme - Conclúidí ón gComhairle (27.6.2023)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme, a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) ag an 3962ú cruinniú a bhí aici an 27 Meitheamh 2023.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig
Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún
maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

- (1) IS DÍOL SÁSAIMH DI an ceathrú tuarascáil maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais a chur chun feidhme a thíolaic an Coimisiún an 9 Nollaig 2022¹;
- (2) MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle an 2 Nollaig 2020 maidir leis an tríú tuarascáil ón gCoimisiún maidir le straitéisí macrairéigiúnacha an Aontais ('Straitéisí') a chur chun feidhme ón 23 Meán Fómhair 2020;
- (3) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá tiomantas polaitiúil leanúnach agus úinéireacht leanúnach na dtíortha rannpháirteacha ar na Straitéisí ar gach leibhéal agus a thábhachtaí atá rannchuidiú an Choimisiúin mar chomhairleoir straitéiseach lena thacaíocht oibríochtúil, idir thacaíocht theicniúil agus thacaíocht airgeadais. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá struchtúir chobhsaí tacaíochta rialachais laistigh de na Straitéisí agus a thábhachtaí atá sé go leanfaidh an Coimisiún agus a sheirbhísí ábhartha de thacaíocht a thabhairt don rialachas. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá athléimneacht agus solúbthacht na ngeallsealbhóirí uile sna Straitéisí agus na struchtúir chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán pholaitiúla, eacnamaíocha agus shóisialta atá ann faoi láthair;
- (4) MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus do thíortha nach bhfuil san Aontas agus iad ag iarraidh páirt a ghlacadh i Straitéisí;

¹ 15883/22 + ADD 1

- (5) AITHNÍONN SÍ torthaí na tuarascála agus ról na Straitéisí maidir le comhtháthú a chothú trí chomhar trasearnála, il-leibhéil agus trasnáisiúnta d'fhonn réitigh choiteanna a chur ar fáil ar dhúshláin chomhroinnte. ADMHAÍONN SÍ gur uirlisí úsáideacha iad na straitéisí don aistriú glas, digiteach agus inbhuanaithe go sóisialta, agus don fhorbairt réigiúnach agus don fhás. D'fhonn na Straitéisí a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní airgeadais atá ann cheana, úsáid níos fearr a bhaint as na hinstiúidí atá ann cheana agus an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr, bunaithe ar na trí réamhriachtanais do na Straitéisí sin;
- (6) MOLANN SÍ na struchtúir a chuirtear ar fáil leis na Straitéisí chun tacú leis an Úcráin agus chun rannchuidiú le hatógáil na hÚcráine gan aon mhoill. I gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, tá rún daingean ag an Aontas tacú le téarnamh agus atógáil na hÚcráine, in éineacht leis na comhpháirtithe. ADMHAÍONN SÍ an obair a rinne an Úcráin in 2022 agus cathaoirleacht á déanamh aici ar EUSDR agus a neamhspleáchas, a cheannasacht agus a iomláine chríochach á gcosaint aige i gcoinne fhogha na Rúise. IARRANN SÍ ar thíortha rannpháirteacha na Straitéisí féidearthachtaí a lorg maidir le comhar níos dlúithe fós leis an Úcráin agus le Poblacht na Moldóive i dtéarmaí praiticiúla;
- (7) TARRAINGÍONN SÍ AIRD ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag na Straitéisí i bpróiseas an mhéadaithe. Tá na Straitéisí an-oiriúnach chun tuiscint ar *acquis* an Aontais a éascú agus, ag an am céanna, cumas riaracháin a fhorbairt maidir le beartais éagsúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear an beartas comhtháthaithe agus prionsabal na bainistíochta comhroinnte. MOLANN SÍ do na príomh-gheallsealbhóirí uile féachaint a thuilleadh ar an úsáid a bhaintear as na Straitéisí chun an próiseas um méadú a éascú lena dtacaítear le comhtháthú agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus chríochach, chomh maith le muinín agus misneach a chothú i measc tíortha comharsanachta;
- (8) AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá Straitéisí chun gníomhaíochtaí áitiúla agus réigiúnacha a bhfuil tosaíochtaí polaitiúla Eorpacha acu a dhúnadh, go háirithe bunaithe ar phleanáil rannpháirteach sna Straitéisí uile. TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé go n-éascófar d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, don óige, don saol acadúil agus do ghnóilachtaí páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme na Straitéisí;

- (9) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá cur chun feidhme na Straitéise chun sainorduithe soiléire, cumas cinnteoireachta éifeachtach agus fíis shoiléir a bheith acu lena gcuirfear a gcuid oibre i gcomhthéacs beartais níos leithne i dtíortha rannpháirteacha na Straitéisí agus san Aontas. IARRANN SÍ ar na tíortha agus ar na réigiúin rannpháirteacha nascadh Straitéisí le geallsealbhóirí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus leis an leibhéal polaitiúil a threisiú níos mó;
- (10) IS DÍOL SÁSAIMH DI na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil trí Straitéisí a neadú i gcláir ábhartha an bheartais chomhtháthaithe, lena gcumasaítear maoiniú agus cur chun feidhme thosaíochtaí na Straitéisí trí chistí atá ann cheana i dtíortha rannpháirteacha na Straitéisí. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an próiseas neadaithe sin a éascú le linn na tréimhse cistiúcháin uile. IARRANN SÍ go mbunófaí líonraí na n-údarás bainistíochta atá ann cheana sna ceithre Straitéis go léir agus go ndéanfaí líonraí na n-údarás bainistíochta atá ann cheana a neartú. MOLANN SÍ do na húdaráis bhainistíochta, le tacaíocht ón gCoimisiún, cistiú ó chláir náisiúnta agus réigiúnacha a éascú ar bhealach comhordaithe;
- (11) IS MÓR AICI iarrachtaí an Choimisiúin feabhas a chur ar an tacaíocht do Straitéisí trí na cláir Interreg agus trí na forálacha i Rialachán Interreg, chomh maith le tuilleadh sineirgí a spreagadh le cláir a bhainistítear go díreach trí chumarsáid, ceardlanna agus pointí teagmhála Straitéisí ar fud an Choimisiúin;
- (12) ADMHAÍONN SÍ an gá atá le sonraí stóinsithe maidir le tionchar na Straitéisí, lena n-áirítear cistiú a shlógadh chun na Straitéisí a chur chun feidhme, cumarsáid straitéiseach maidir le tionchair agus torthaí, agus breithmheas ar an mbreisluach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal macrairéigiúnach chomh maith leis an ngá atá le feabhas a chur ar an bhfaireachán agus ar an meastóireacht agus infheictheacht thorthaí na Straitéisí a mhéadú. AITHNÍONN SÍ an fhreagracht chomhroinnte atá ar thíortha rannpháirteacha na Straitéisí agus ar an gCoimisiún as sásraí cuimsitheacha faireacháin agus meastóireachta;

- (13) AITHNÍONN SÍ an luach, más iomchuí, a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar na Straitéisí agus lena bpleananna gníomhaíochta a choigeartú chun an timpeallacht athraitheach a léiriú agus chun oiriúnú do riachtanais agus do dhúshláin nua atá ag teacht chun cinn ina réimsí faoi seach;
- (14) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla a leagtar amach sna Conclúidí seo sa chéad tuarascáil eile maidir le straitéisí cur chun feidhme faoi dheireadh na bliana 2024.
-